



An Roinn Oideachais
agus Scileanna
Department of
Education and Skills

Tuairisc 2019

An Chomhairle um Oideachas
Gaeltachta agus Gaelscolaíochta

An Chomhairle um Oideachas
Gaeltachta & Gaelscolaíochta



An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta

Meitheamh 2020

Clár

Ár Misean	2
Cúlra	3
Ráiteas an Chathaoirligh ar Rialú Inmheánach	5
Athbhreithniú Bliantúil ar Rialachas	7
Cur chuige	10
Dátaí cruinnithe	11
Coistí COGG	14
Feidhm reachtúil 1	15
Feidhm reachtúil 2	17
Feidhm reachtúil 3	18
Feidhm reachtúil 4	20

Ár Misean

Cúraim na Comhairle um Oideachas
Gaeltachta agus Gaelscolaíochta a
chomhlíonadh go héifeachtach, go
gairmiúil agus ar ardchaighdeán ar mhaithe
le forás na hearnála Gaeltachta agus
lán-Ghaeilge a chur chun cinn agus
ar mhaithe le múineadh na Gaeilge i
scoileanna uile na tíre.

Cúlra

Bunaíodh an Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG) in 2002 faoi fhorálacha Alt 31 den Acht Oideachais (1998) tar éis feachtais a chuir Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge, Gaelscoileanna Teo, agus Eagraíocht na Scoileanna Gaeltachta ar bun le go mbeadh sainstruchtúr ann le freastal a dhéanamh ar riachtanais oideachais na scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge.

Feidhmeanna reachtúla:

- Chun soláthar téacsleabhar agus áiseanna d'fhoghlaim agus do mhúineadh trí Ghaeilge a phleanáil agus a chomheagrú
- Chun comhairle a thabhairt don Aire maidir le beartais a bhaineann le hoideachas trí mheán na Gaeilge a chur ar fáil agus a chur chun cinn i scoileanna aitheanta i gcoitinne agus i scoileanna atá suite i limistéar Gaeltachta
- Chun seirbhísí taca a chur ar fáil do na scoileanna sin trí mheán na Gaeilge
- Chun taighde a sheoladh ar aon ní nó ar gach ní lena mbaineann leis na cúraim seo
- Chun soláthar téacsleabhar agus áiseanna d'fhoghlaim agus do mhúineadh na Gaeilge a phleanáil agus a chomheagrú agus chun taighde a sheoladh, agus comhairle a thabhairt don Aire, maidir le straitéisí a bhfuil de chuspóir leo feabhas a chur ar éifeachtacht mhúineadh na Gaeilge i scoileanna aitheanta agus i lárionaid oideachais.

Comhairle a thabhairt don Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta maidir le nithe a bhaineann

- le múineadh na Gaeilge,
- le hoideachas a chur ar fáil trí mheán na Gaeilge, lena n-áirítear nithe a bhaineann leis an gcuraclam do bhunscoileanna agus d'iarbhunscoileanna a chuireann oideachas trí mheán na Gaeilge agus le nósanna imeachta measúnachta a úsáidtear sna scoileanna sin,
- le riachtanais oideachais daoine a chónaíonn i limistéar Gaeltachta

An Polasaí don Oideachas Gaeltachta

Gheobhaidh an tAonad um Oideachas Gaeltachta sa Roinn Oideachais agus Scileanna tacaíocht ó COGG chun an Polasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022 a chur i bhfeidhm. Déanfaidh COGG comhordú ar an seachadadh de thacaí agus tionscnaimh áirithe don oideachas Gaeltachta trí Ghaeilge i gcomhar leis an Aonad um Oideachas Gaeltachta agus seirbhísí tacaíochta éagsúla. Tá acmhainní breise dailte ar COGG chun gníomhartha áirithe a chomhordú a bhaineann leis an bPolasaí chun tacú le scoileanna a roghnaíonn a bheith rannpháirteach sa Scéim. Áirítear ar na bearta a bhí le cur i bhfeidhm ag COGG in 2019.

- comhordú ar sheimineáir um méadú feasachta do thuismitheoirí agus ionadaithe bhoird bhainistíochta agus ionadaithe ó cheanneagraíochtaí pleanála teanga i dtaca leis an Scéim agus na buntáistí a bhaineann leis an oideachas trí Ghaeilge

- comhordú ar fhorbairt ghairmiúil leanúnach (FGL) a sholáthar do phríomhoidí agus múinteoirí i scoileanna atá rannpháirteach sa Scéim
- comhordú ar fhorbairt líonraí do scoileanna atá rannpháirteach sa Scéim
- sparánachtaí taighde breise a sholáthar do phríomhoidí agus/nó múinteoirí atá rannpháirteach sa Scéim chun gabháil le taighde ar an oideachas trí Ghaeilge agus oideachas Gaeltachta
- suíomh gréasáin COGG a fhorbairt agus a fheabhsú tuilleadh mar thairseach acmhainní Gaeilge do scoileanna i limistéir pleanála teanga Ghaeltachta, áit a mbeidh teacht ar acmhainní Gaeilge ar ardchaighdeán.

Ráiteas an Chathaoirligh ar Rialú Inmheánach

Thar ceann Bhord COGG dearbhaím go bhfuil córais éifeachtacha inmheánacha rialú airgeadais i bhfeidhm ag COGG agus go bhfuil an Bord freagrach as na córais sin. Dearbhaítear go ndéantar athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht an chórais rialaithe seo. Glactar leis, áfach, nach féidir le córas den chineál seo ach urrús réasúnta a sholáthar, seachas urrús daingean, in aghaidh earráid ábhartha.

Dearbhaítear gur cuireadh Ráitis Airgeadais 2019 faoi bhráid an Bhoird ar an 16 Meitheamh 2020 agus gur glacadh leo mar chuntas cruinn agus fírinneach ar ioncam agus ar chaiteachas COGG. Dearbhaím nach bhfuil aon imeachtaí suntasacha iarchláir chomhardaithe ag COGG.

Príomh-Nósanna Imeachta Rialaithe

Tá céimeanna glactha ag an mBord chun timpeallacht rialú cuí a chinntiú tríd seo a leanas:

- freagrachtaí bainistíochta a shainmhíniú go soiléir;
- nósanna imeachta foirmiúla a bhunú chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus a chinntiú go nglactar gníomh ceartaitheach cuí;
- Coiste Iniúchóireachta & Riosca a bhunú le comhairle a chur ar an mBord maidir lena fhreagrachtaí i ndáil leis an gcóras inmheánach rialú airgeadais a chomhlíonadh.

Leanann an Bord de bheith ag forbairt agus ag feabhsú próisis bhainistíochta chun rioscaí gnó a aithint agus meastóireacht a dhéanamh orthu trí na nithe seo a leanas:

- nádúr, méid agus tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag baint leis na rioscaí atá os comhair an Bhoird a aithint, lena n-áirítear an méid agus na catagóirí a mheastar a bheith inghlactha;
- measúnú a dhéanamh ar an dóchúlacht go dtarlóidh rioscaí aitheanta;
- measúnú a dhéanamh ar chumas an Bhoird na rioscaí a tharlaíonn a bhainistiú agus a íoslaghdú;
- measúnú a dhéanamh ar na costais a bhaineann le rialuithe áirithe a oibriú i gcomparáid leis an leas a fhaightear.

Tá an córas inmheánach rialú airgeadais bunaithe ar chreat oibre d'eolas rialta bainistithe, nósanna imeachta riaracháin lena n-áirítear deighilt dualgas agus córas cleachtais tarmhligin agus cuntasachta. Áirítear ann go háirithe:

- gur gá córas cuimsitheach buiséadaithe le buiséad bliantúil, a athbhreithnítear agus a chomhaontaíonn an Bord leis an bhFeidhmeannas
- ráiteas faoi shreabhadh airgid ag gach cruinniú Boird le hanailís ar chatagóirí ioncaim agus caiteachais mhóra
- córas cuntasaiochta airgeadais a chur i bhfeidhm – tá pacáiste cuntasaiochta (SAGE) in úsáid ag an bhFeidhmeannas chun na rialuithe inmheánaigh airgeadais a éascú.

Tá Coiste Iniúcháireachta agus Riosca bunaithe agus gnólacht iniúcháirí gairmiúla neamhspleácha ceaptha ag an mBord chun dul i mbun na feidhme iniúchta inmheánaigh agus sheachtraigh. Oibríonn an fheidhm iniúchta inmheánaigh agus sheachtraigh de réir an Chóid Chleachtais do Rialachas Chomhlachtaí Stáit agus déantar gach iarracht cloí leis an gCód Cleachtais Géilliúlachta agus Maoluithe. Cuirtear le hobair an iniúchta inmheánaigh trí anailís a dhéanamh ar an riosca a bhaineann leis an mBord. Déanann an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca athbhreithniú bliantúil ar na ráitis airgeadais bhliantúla.

Ceadaíonn an Príomhfheidhmeannach an anailís riosca agus na pleananna iniúchta inmheánacha agus tá siad faoi réir formhuinithe ag an gCoiste Iniúcháireachta & Riosca agus faoi réir faomhadh an Bhoird.

Athbhreithniú Bliantúil ar Rialachas

Deimhním go ndearna an Bord athbhreithniú ar an gcóras inmheánach rialú airgeadais, sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 2019

- Tá comhaontú scríofa maoirseachta ag COGG leis an Roinn Oideachais & Scileanna. Bhí dhá chruinniú rialachais ag COGG leis an Roinn Oideachais agus Scileanna in 2019.
- Dearbhaím go bhfuil an tuarascáil bhliantúil a éilítear faoi S / 22 (1) den Acht, foilsithe ar shuíomh Gréasáin COGG.
- Dearbhaím nach bhfuil aon díospóidí dlíthiúla leanúnacha ag COGG lena mbaineann comhlachtaí Stáit eile de réir na n-oibleagáidí a thagann chun cinn faoi D / PER's COP.
- Dearbhaím nach bhfuil aon díospóidí dlíthiúla ag COGG a bhaineann le caiteachas de € 25,000 nó níos airde leis an ROS agus an Rannóg Vóta D / PER ábhartha de réir spriocdháta bliantúil an 30 Meitheamh don bhliain roimhe sin.
- Deimhním go gcloítear le rialacha an státchórais maidir le costais taistil.
- Deimhním gur foilsíodh tuairisc d'Acht na Nochtuithe Cosanta 2014 roimh an 30 Meitheamh 2019.
- Deimhním gur chloígh COGG leis na riachtanais maidir le soláthar poiblí agus leis na tairseacha reatha luacha chun rialacha náisiúnta agus soláthair an AE a chur i bhfeidhm.
- Deimhním gur forbraíodh agus gur foilsíodh beartais agus nósanna imeachta soláthair don fhoireann go léir.
- Deimhním go bhfuil Beartas Teicneolaíocht Faisnéise i bhfeidhm ag COGG ar a bhfuil uasdátú leanúnach á dhéanamh.
- Aithnítear go bhfuil gá le COGG de réir Chreat Beartais na hOifige um Sholáthar Rialtais Plean Corparáideach Soláthair a chur le chéile agus tá seo idir lámha.
- Maidir le laigí sa chóras, aithnítear go bhfuil rioscaí áirithe ag baint le foireann chomh beag ag plé le hairgeadas COGG. Tá feabhas tagtha ar na córais inmheánacha um smachta airgeadais ós rud é go bhfuil beirt feidhmeannach ag plé leo anois.

Creatlach ar Riosca & Smacht

Gníomhaíocht neamhspleách oibiachtúil dearbhaithe agus sainchomhairleoireachta is ea iniúchóireacht inmheánach agus tá sé in ainm luach a chur le agus feabhas a chur ar oibríochtaí na heagraíochta. Cabhraíonn sé le COGG a cuspóirí a bhaint amach trí chur chuige córasach smachtaithe a chruthú i leith éifeachtacht phróisis bhainistíochta riosca, rialaithe agus rialachais a mheasúnú agus a fheabhsú.

Rinneadh an tlniúchadh Inmheánach is déanaí in 2018 agus chlúdaigh sé athbhreithniú ar an eagraíocht ina hiomláine, agus dhírigh sé ar ábhar eilimintí comhlíonta mar atá leagtha amach sa Chód Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit a foilsíodh i Lúnasa 2016 (An Cód). Cuireadh tuairisc iniúcháin inmheánaigh faoi bhráid an Choiste Iniúchóireachta & Riosca agus an Bhoird.

Eisíodh iarraidh ar thairiscint chun iniúcháir inmheánach a cheapadh ach níor cuireadh aon tairiscint faoinár mbráid. Déanfar iarracht eile in 2020. Aithnítear dá bharr seo nach bhfuil aon phlean Iniúchta Inmheánach ann chun comhairle a thabhairt d’eagrú na n-athbhreithnithe a theastaíonn. Tá sé i gceist seo a réiteach in 2020.

Tá COGG ag cloí leis na moltaí a d’eascair as an iniúchadh téamach ar Athbhreithniú ar Éifeachtacht Fheidhme an Iniúchta Inmheánaigh ar COGG a choimisiúnaigh an Roinn Oideachais & Scileanna i bhFómhar 2018.

Ceapadh Iniúcháir Seachtrach in 2019 le hiniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais agus cuireadh faoi bhráid na Roinne Oideachais & Scileanna iad i Mí an Mheithimh 2019.

Bord Márta 2019- Feabhra 2022

Donal Ó hAiniféin	Cathaoirleach Ceapachán an Aire Oideachais agus Scileanna
Cathnia Ó Muircheartaigh	(Leas-Chathaoirleach) Ceapachán GAELOIDEACHAS Ionadaí na scoileanna lán-Ghaeilge
Bláthnaid Ní Ghréacháin	Ceapachán GAELOIDEACHAS Ionadaí thuismitheoirí na scoileanna lán-Ghaeilge
Deirbhile Nic Craith	Ionadaí Chumann Múinteoirí Éireann
Lorraine Finn (Bealtaine 2019)	Ionadaí Chumann Meánmhúinteoirí Éireann
Séamus Ó Fearraigh	Ionadaí Aontas Múinteoirí Éireann
Dairíona Nic Con Iomaire	Ceapachán Údarás na Gaeltachta Ionadaí scoileanna na Gaeltachta
Pádraig Mac Grianna	Ceapachán Údarás na Gaeltachta Ionadaí thuismitheoirí na Gaeltachta
Edel Ní Chorráin	Ionadaí Fhoras na Gaeilge
Elaine Ní Neachtain	Ionadaí na Comhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
Rita Nic Amhloibh	Ionadaí na Roinne Oideachais agus Scileanna
Liam Ó Diomsaigh	Ionadaí Chomhairle Churaclaim, Scrúduithe agus Measúnaithe Thuaisceart Éireann (CCEA)

Foireann

An Feidhmeannas

Muireann Ní Mhóráin
Aisling Nic Craith
Steph Uí Choinne
Pól Ó Cainín

Príomhfheidhmeannach
Ard-Oifigeach Feidhmiúcháin
Oifigeach Feidhmiúcháin (ó Aibreán 2019)
Eagarthóir/ Cúntóir Taighde

Oifigh Oideachais

Máire Nic an Rí
Pádraig Ó Beaglaioich
Robbie Irwin

(go dtí Meán Fómhair 2019)

Oifigh an Pholasáí don Oideachas Gaeltachta

Mícheál S. Mac Donnacha
Mait Ó Brádaigh
Peadar Ó Loideáin

Oifigeach Oideachais
Oifigeach Oideachais (go Meitheamh 2019)
Oifigeach Oideachais (ó Mheán Fómhair 2019)

Buiséad ón Roinn Oideachais agus Scileanna

2002	€253,396
2003	€291,501
2004	€417,463
2005	€721,704
2006	€983,560
2007	€1.245m
2008	€1.245m
2009	€1.238m
2010	€1.234m
2011	€1.386m
2012	€1.3m
2013	€1.3m
2014	€1.35m
2015	€1.35m
2016	€1.46m
2017	€1.747m
2018	€1.313m
2019	€1.818m

Ba é €1.7m ioncam iomlán COGG sa bhliain 2019 ón Státchiste tríd an Roinn Oideachais agus Scileanna, €118,500 mar chistiú don Pholasáí don Oideachas Gaeltachta agus €63,397 ó dhíolachán foilseachán.

Cur chuige

De bharr líon beag na foirne, is ar bhonn conartha a chomhlíonann COGG mórchuid dá feidhmeanna reachtúla, ina measc:

- Aistriúchán agus eagarthóireacht ar réimse leathan áiseanna foghlama agus teagaisc
- Forbairt áiseanna nua foghlama agus teagaisc
- Tionscadail taighde
- Bainistiú an taispeántais taistil d'áiseanna foghlama agus teagaisc

Comhpháirtíocht Thuaidh Theas

Tá forbairt déanta le blianta beaga anuas ar ghníomhaíochtaí comhpháirtíochta leis an gComhairle Curaclaim, Scrúduithe agus Measúnuithe (CCEA), An tÁisaonad agus Comhairle na Gaelscolaíochta i dTuaisceart Éireann. Tá ionadaí ag CCEA ar bhord COGG agus tá ionadaíocht ag COGG ar bhord Chomhairle na Gaelscolaíochta.

Tá COGG ag obair i bpáirt leis an Áisaonad ar fhorbairt CLEITE, an Clár Luathléitheoireachta. Tá áis idirghníomhach don mhatamaitic á forbairt ag COGG i bpáirt le CCEA. Déantar gach iarracht luach ar airgead a dheimhniú trí ghearradh siar ar aon dúbláil a d'fhéadfadh a tharlú maidir le forbairtí i dTuaisceart agus i nDeisceart na hÉireann.

Dátaí cruinnithe

11 Aibreán 2019
 21 Bealtaine 2019
 18 Meitheamh 2019
 17 Meán Fómhair 2019
 12 Samhain 2019
 10 Nollaig 2019

Freastal ar chruinnithe

Cruinnithe 2019

Baill an Bhoird	Líon cruinnithe
Dónal Ó hAiniféin - Cathaoirleach	6/6
Cathnia Ó Muircheartaigh - Leaschathaoirleach	6/6
Rita Nic Amhlaoibh	6/6
Bláthnaid Ní Ghréacháin	6/6
Dairíona Nic Con Iomaire	3/6
Elaine Ní Neachtain	2/6
Deirbhile Nic Craith	5/6
Séamus Ó Fearraigh	5/6
Edel Ní Chorráin	6/6
Liam Ó Diomsaigh	3/6
Pádraig Mac Grianna	4/6
Lorraine Finn	3/6

Costais a íocadh le baill an Bhoird

Ainm	Costais Taistil & Cothabhála a cúitíodh le comhaltaí in 2018 as freastal ar chruinnithe nó ar ócáidí eile a bhain le gnó na Comhairle
Dónal Ó hAiniféin - Cathaoirleach	€4,017.25 (cruinnithe seachtracha, agallaimh & eile)
Cathnia Ó Muircheartaigh - Leaschathaoirleach	€1,414.87
Rita Nic Amhlaobh	
Bláthnaid Ní Ghréacháin	
Dairíona Nic Con Iomaire	€599.99
Elaine Ní Neachtain	
Deirbhile Nic Craith	
Séamus Ó Fearraigh	€2,838.53
Edel Ní Chorráin	
Liam Ó Diomsaigh	€415.81
Pádraig Mac Grianna	€590.69
Lorraine Finn	€950.69

Luach saothair

Ní íoctar agus níor íocadh riamh, táille ar bith le Cathaoirleach, le leas-Chathaoirleach ná le haon bhall de bhord COGG.

Costais Taistil de **€64,807.01** a íocadh leis an bhfoireann le linn 2019.

Bhain **€30,237.45** de seo leis an bPolasaí don Oideachas Gaeltachta.

Ba iad na costais tabhaithe i leith na bhfostaithe ná:

Tuarastail agus pá : €373,883

Táillí chomhaltaí boird: Ní íoctar táillí boird

Costais phinsin: Níl aon iar-bhall foirne ar phinsean

Seo a leanas an líon fostaithe ag deireadh na bliana ar tháinig a gcuid sochar oifige laistigh de na bandaí seo a leanas (léiríonn sé seo na sochair oifige bhliantúla)

	2018	2019
€60,000 - €69,999	-	-
€70,000 - €79,999	-	-
€80,000 - €89,999	-	-
€90,000 - €99,999	1	1
€100,000 - €109,999	-	-
€110,000 - €119,999	-	-
€120,000 - €129,999	-	-
€130,000 - €139,999	-	-
€140,000 - €149,999	-	-
€150,000 - €159,999	-	-
€160,000 - €169,999	-	-

Níl aon scéim íocaíochtaí bhónais i bhfeidhm d'aon bhall foirne.

Íoctar an Príomhfheidhmeannach de réir scála tuarastail Chigireacht na Roinne Oideachais agus Scileanna (Cigire Sinsearach)

Pointe Breisiú Fadseirbhíse 2: €99,994

Ní raibh aon chaiteachas ann in 2019 ar chúrsaí dlí ná ar aon sainchomhairleoireacht.

Prasíocaíochtaí

Tá COGG tiomnaithe chun gach iarracht a dhéanamh soláthraithe a íoc go pras. Is é an tAcht um Íoc Pras Cuntas, 1997, arna leasú ag Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íoc Déanach in Idirbhearta Tráchtála), 2002, a rialaíonn íocaíocht sonrasc ag COGG. Leathnaigh an Rialtas an ceangal neamhrechtúil maidir le Ranna Rialtais Láir go dtí gach comhlacht poiblí ó mhí Iúil 2011 amach, chun an tréimhse, a thugtar do Chomhlachtaí Poiblí a soláthraithe a íoc, a laghdú ó 30 lá go 15 lá. Faoi mar is dual do nósanna imeachta cearta airgeadais, tá iarracht an-mhór á déanamh le cinntiú go n-íoctar soláthraithe laistigh den fhráma ama sin.

Rinneadh athbhreithnithe ráithiúla lena thomhas cé chomh pras a d'íoc COGG soláthraithe. Le linn 2019 d'eisigh COGG 10.23% d'íocaíochtaí do sholáthraithe idir 15 & 30 lá, agus 89.52% d'íocaíochtaí taobh istigh de 15 lá.

Coistí COGG

Coiste Iniúchta agus Bainistíocht Riosca

Faoi théarmaí an Chóid Chleachtas do chomhlachtaí stáit, bunaíodh Coiste Iniúcháireachta & Riosca le maoirsiú a dhéanamh ar iniúchadh inmheánach COGG. Tá Téarmaí Tagartha an Choiste aontaithe agus is gá 2 chruinniú ar a laghad den choiste a ghairm in aghaidh na bliana. Bíonn tuairisc ón gCoiste Iniúcháireachta & Riosca ar chlár chruinnithe bhord COGG.

Tá feidhm ag an gCoiste maidir le rioscaí corparáideacha a shainaitheint, a rangú agus a chur in ord tosaíochta agus chun a chinntiú go gcuirtear bearta maolaithe cuí chun feidhme chun dul i ngleic leis na rioscaí sin.

Tá ceathrar ar an gCoiste Iniúcháireachta agus Riosca:

Cathaoirleach: Kevin de Barra (ball seachtrach)

Deirbhile Nic Craith, Bláthnaid Ní Ghréacháin, Edel Ní Chorráin (baill bhoird).

Freastalaíonn an Príomhfheidhmeannach agus an tArdoifigeach Feidhmiúcháin ar chruinnithe an choiste.

Bhí 2 chruinniú ag an gcoiste in 2019.

Ráiteas Chomhlíonadh an Chóid Chleachtas

Ghlac an Bord leis an gCód Cleachtas um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016) agus tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm aige chun comhlíonadh an Chóid a chinntiú. Rinneadh an-dul chun cinn i 2019 maidir le COGG ag comhlíonadh a ndualgas mar is cuí faoin gCód Cleachtas um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016).

Feidhm reachtúil 1

- Chun soláthar téacsleabhar agus áiseanna d'fhoghlaim agus do mhúineadh trí Ghaeilge a phleanáil agus a chomheagrú

TÉACSLEABHAIR AGUS ÁISEANNA EILE A D'FHOILSIGH COGG NÓ A BHÍ I MBÉAL FORBARTHA I 2019 NÓ A FOILSÍODH I gCOMHPHÁIRT LE COMHLACHTAÍ TRÁDÁLA NÓ INSTITIÚIDÍ EILE

Áiseanna Bunscoile

- **Breacadh /BOOGR** - *'Mar a Déarfá'*, acmhainní tacaíochta don scéim leanúnach fónaice agus litearthachta á bhforbairt
- **Eoghan Mac Cormaic** - *'Léigh agus plé'*, sraith leabhair staire agus sraith tíreolaíochta á forbairt.
- **Glór na nGael** - *'Gníomhspraoi'* (leabhar gníomhaíochtaí a bhainfidh úsáid as módhanna foghlama dialógacha)
- **Risteard Mac Daibhéid** - *Mo mhamó*
Áis léitheoireachta – téama an bháis (bás ball teaghlaigh) - á forbairt
- **Coláiste Mhuire gan Smál – TJ Ó Ceallaigh** - *Ag Foghlaim agus ag Teagasc na hEolaíochta trí Ghaeilge sna hArdranganna sa Bhunscoil T2: Treoirleabhar'*
- **Cló Iar-Chonnacht** - *Bertie Brocach* - *Bertie Brocach: Pian agus Bertie Brocach: Puiteach* le David Roberts agus Alan Macdonald
- **Futa Fata** - *An Fiaclóir Fíochmhar'* le David Walliams
- **Futa Fata** - *'An tOchtapas' Rogha Dánta do Pháistí'* le Gabriel Rosenstock
- **Futa Fata** - *Dialann Dlúthchara: Cín Lae Rowley Jefferson'*
- **Futa Fata** - *Dialann Dúradán – An Fhírinne Shearbh* le Jeff Kinney
- **Futa Fata** - *Zog (leagan Gaeilge de phictiúrleabhar)* le Julia Donaldson & Axel Schiffler
- **Futa Fata** - *'Athchlónna'* (*Trixie – Sin Cat Dána, Trixie – An Madra Mistéireach, Lisín – Scoil na bPáistí Deasa, Mise Maire Treasa – (1) Is fuath liom dul ar scoil, (2) Is mise an cat is áille, (3) Sin bronntanas seafóideach agus An Billiúnaí Beag.*
- **Leabhar Breac** - *'An Oíche Roimh Nollaig'* (pictiúrleabhar ildaite)
- **Leabhar Breac** - *Cáitín Chaoch'* (trí choimic-leabhar)
- **Leabhar Breac** - *'M'Asal Beag Dubh'*
- **Leabhar Breac** - *'Muintir na Coille'*
- **Leabhar Breac** - *'Nead an Dragain'* (sraith trí leabhar)
- **Leabhar Breac** - *'Scéalta an Iarthair'* (sraith trí leabhar)
- **Learn It Educational Solutions Limited** – Léig shóisearach LEGO

- **Orlaith Ruiséal** - ‘*Orla Uan sa Chathair*’ (leabhar agus dlúthdhiosca)
- **www.l.com** - Forbairt leanúnach ar an suíomh gréasáin
- **Giglets** - Ardán ar líne d’áiseanna liteartha (ficsean & neamhfhicsean)
- **Seachtain na Gaeilge** - Lámhleabhar do mhúinteoirí
- **The Primary Planet Ltd** - Eipic! (Irisleabhar - 10 n-eagrán)
- **Suzanne Parkinson** - Mise mar Fhoghlaimeoir Gaeilge / OSIE / OSPS R3 – 6
- **Coláiste na hOllscoile, Má Nuad** - *Eleathanach* (nuachtlitir sheachtainiúil)
- **Macalla Teoranta** - *Tiúibíní* - Físeáin do pháistí óga
- **Macalla Teoranta** - 8 bhfíseán le haghaidh Naíonáin Bheaga bunaithe ar *chairdeas* agus 8 bhfíseán le haghaidh Naíonáin Sinsir bunaithe ar *chineáltas*

Áiseanna iar-bhunscoileanna

- Clár eatramhach agus aonad litríochta curtha ar fáil do shonraíocht Ghaeilge T1 na chéad bliana atá ailínithe le www.ceacht.ie.
- *Dúchas* - Acmhainn an Scoláire don dara agus don tríú bliain agus treoir do mhúinteoirí maidir leis an sonraíocht nua Gaeilge do scoileanna T1.
- **Folens** - Leagan Gaeilge foilsithe de théacsleabhar tíreolaíochta *Real World Geography (Tíreolaíocht don Ré Nua)*
- **Folens** - Leagan Gaeilge foilsithe de *Timebound (Stór Staire)* téacsleabhar staire
- **Folens** - Leagan Gaeilge á fhorbairt de theacsleabhar Corpoideachais *Beocht na Beatha*
- **Edco** - Leagan Gaeilge á fhorbairt de theacsleabhar **OSPS/Folláine Sláinte agus Folláine 1**
- **Edco** - Leagan Gaeilge foilsithe de leabhar eacnamaíocht bhaile *#ithpleanmair*
- **Edco** - Leagan Gaeilge á fhorbairt de théacsleabhair Cheoil nua *Tonnta Fuaimne 1 & 2*
- **Educate.ie** - Leagan Gaeilge á fhorbairt de théacsleabhar Fraincise *Allons-y 1*
- **COGG** - Leagan leasaithe foilsithe den téacsleabhar mata *Téacs agus Trialacha 1*
- **COGG** - Leagan leasaithe á fhorbairt den téacsleabhar mata *Téacs agus Trialacha 2*
- **Examcraft** - Portfóilió na hIdirbhliana: Machnamh agus Mór-éachtaí
- **Lárionad na Gaeilge: Taighde, Teagasc agus Tástáil in Ollscoil Mhá Nuad** - *Vifax* - áis d’fhoghlaimeoirí Gaeilge
- **Gael Linn** - *Splanc* (foilseachán don idirbhliain)
- **Ashmore Learning** - *Póstaeir don fholláine*
- **An tSnáthaid Mhór** - Eagrán póca de *Jimín Mháire Thaidhg*
- **Caitriona Ó Dochartaigh** - *Acmhainní Teagaisc Ghaeilge ar líne* (.i. ábhar do thograí ‘Measúnú Rangbhunaithe’ T.S. agus tograí don idirbhliain)
- **Móinín** - Úrscéal Comhaimseartha do Léitheoirí na Sraithe Sinsearaí (na hArdteiste), a mbeidh ‘Gluais Roghnach’ Gaeilge-Gaeilge / Bunús na bhFocal leis
- **Scoil an Oideachais, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh agus Tuairisc.ie** - Áiseanna teagaisc do mhúineadh na Gaeilge sa tSraith Shóisearach (Sonraíocht T1) bunaithe ar ábhar ó dúchas.ie

- **ComharÓG** (iris liteartha iar-bhunscoile)
- **tuairisc.ie** - Rannóg na bhFoghlaimoirí ar Tuairisc.ie
- **Triailscrúduithe**
Páipéir do thriailscrúduithe an Teastais Shóisearaigh agus na hArdteistiméireachta i réimse leathan ábhar
- **Iarpháipéir scrúdaithe**
Leabhair d'iarpháipéir scrúdaithe stáit i réimse leathan ábhar an Teastais Shóisearaigh agus na hArdteistiméireachta
 - Páipéir shamplacha
 - Páipéir don tsonraíocht nua Ghaeilge do scoileanna T1
- **Ceol 2019** – áis teagaisc agus CD
- **Ar Fheabhas** - forlónadh seachtainiúil do Ghaeilge na hArdteiste san Irish Independent (Eanáir-Bealtaine)
- **Réidh le Plé**- forlónadh seachtainiúil do Ghaeilge na hIar-bhunscoile san Irish Independent (Meán Fómhair- Nollaig)

Feidhm reachtúil 2

Comhairle a thabhairt don Aire maidir le beartais a bhaineann le hoideachas trí mheán na Gaeilge a chur ar fáil agus a chur chun cinn i scoileanna aitheanta i gcoitinne agus i scoileanna atá suite i limistéar Gaeltachta

Cuireann COGG comhairle ar fáil don Roinn Oideachais agus Scileanna agus don Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta mar chuid dá feidhmeanna reachtúla.

An Roinn Oideachais agus Scileanna

- Comhairle leanúnach á cur ar fáil maidir le feidhmiú an Pholasáí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022
- Comhairle leanúnach á cur ar fáil maidir le forbairt chlár comhtháite do theagasc na Gaeilge i scoileanna ina bhfuil an Béarla mar mheán
- Comhairle leanúnach á cur ar fáil maidir leis an tionscadal d'Fhoghlaim Chomhtháite Ábhar agus Teanga.

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta

- Comhairle leanúnach á cur ar fáil maidir le teagasc na Gaeilge agus teagasc trí Ghaeilge
- Aighneacht maidir le Dréacht-Churaclam Matamaitice na Bunscoile ó Rang na Naíonán Sóisearach go Rang a Dó

Comhchoiste Oireachtais na Gaeilge, na Gaeltachta agus na nOileán

- Aighneacht maidir le hobair COGG mar Ráiteas Tosaigh roimh teacht i láthair an Chomhchoiste
- Aighneacht maidir le soláthar múinteoirí mar Ráiteas Tosaigh roimh teacht i láthair an Chomhchoiste

In 2019 cuireadh comhairle ar fáil nó aighneachtaí faoi bhráid:

- An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta
- An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
- Oifig an Choimisinéara Teanga
- An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais
- An Chomhairle Mhúinteoireachta

D'fhreastail ionadaí ó COGG ar na coistí/grúpaí seo a leanas:

- Coiste Comhairleach an Pholasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022
- Bord Staidéir na Sraithe Shóisearaí (CNM)
- Meitheal Forbartha Churaclam Teanga na Bunscoile
- Meitheal Forbartha na Gaeilge: An tSraith Shinsearach (CNM)
- Comhairle na Gaelscolaíochta, Tuaisceart Éireann
- Coiste Stiúrtha an Oideachais lán-Ghaeilge i dTuaisceart Éireann
- Meitheal Smaointeoireachta S20: Úsáid na teicneolaíochta i dteagasc na Gaeilge
- Laethanta Léirmheas na gCarad: Gaeilge na Sraithe Sóisearaí T1 & T2 (An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí)
- Coiste Scagtha na Litríochta do Ghaeilge na Sraithe Sóisearaí (T1 & T2)
- Meitheal Athbhreithnithe agus Athstruchtúrtha an Churaclaim Bunscoile
- Coiste d'Oideachas Riachtanais Speisialta COGG/Gaeloideachas
- Coiste Comhairleach Shéideán Sí
- Fóram ar Litearthacht agus Uimhearthacht - An Roinn Oideachais agus Scileanna
- Coiste Stiúrtha an tionscadail d'Fhoghlaim Chomhtháite Ábhar agus Teanga.
- Coiste Comhairleach an Tionscadail Soláthair d'fhorbairt chláir comhtháite do theagasc na Gaeilge i scoileanna ina bhfuil an Béarla mar mheán

Feidhm reachtúil 3

Chun seirbhísí taca a chur ar fáil do scoileanna trí mheán na Gaeilge

SEIRBHÍSÍ TACA:

- www.cogg.ie

Tá bunachar sonraí de gach áis teagaisc agus foghlama do scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge ar fáil ar an suíomh seo, chomh maith le tuarascálacha taighde, nuacht agus ábhar eile.

Bíonn teacht ar thrialpháipéir do na scrúduithe stáit ar eislíon ar an suíomh.

Tá tairseach thiomnaithe tacaíochta agus acmhainne á forbairt mar ghné den Pholasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022.

- **Ionad Áiseanna**

Tá Ionad Áiseanna ag COGG le cóip amháin de gach áis atá ar fáil do theagasc na Gaeilge agus teagasc trí Ghaeilge.

- **Taispeántas Taistil**

Ionad taispeántais a thugann cuairt ar scoileanna i veain ina bhfuil sampla de gach áis teagaisc agus foghlama do scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge. In 2019 tugadh 194 cuairt san iomlán ar bhunscoileanna Gaeltachta, lán-Ghaeilge agus Béarla, Iar-bhunscoileanna, Coláistí Oideachais, cúrsaí d'ábhar oidí agus comhdhálacha.

- **Cúrsaí Gaeilge**

D'fhreastail 43 múinteoir ó iar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge agus 19 síceolaí ar chúrsa Gaeilge a chuir COGG ar fáil i nGael-Choláiste Chill Dara i Lúnasa 2019.

An Polasaí don Oideachas Gaeltachta

An Polasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2020

Feidhmiú an Pholasaí i 2019

Bunscoil:

Tacaíocht in-scoile (Cuairt ar scoileanna/Cruinnithe scoileanna): 17 le 55 múinteoir páirteach.

Seimineáir le scoileanna eile (104 scoil): 15 le 197 múinteoir páirteach.

Seimineáir do mhúinteoirí tacaíocht Gaeilge: 3 le 27 múinteoir páirteach.

Iar-bhunscoil:

Tacaíocht in-scoile (Cuairt ar scoileanna /Cruinnithe scoileanna): 16 le 31 múinteoir páirteach.

Ceardlann scoile-uile: (foireann ar fad páirteach): 19 le 405 múinteoir páirteach.

Seimineáir le scoileanna eile: 6 le 32 múinteoir páirteach.

Cúrsaí Samhraidh:

01-05 Iúil 2019: An Cheathrú Rua: 18 múinteoir

08-12 Iúil 2019: Gaoth Dobhair: 19 múinteoir

Comhdhálacha

Páirteach in eagrú agus maoiniú chomhdháil Chumann Litearthachta na hÉireann

Páirteach le Gaeloideachas in eagrú agus maoiniú *Tionól Forbartha 2019*

An Mháistreacht Ghairmiúil san Oideachas, Ollscoil na hÉireann Gaillimh

Cuireadh sparánachtaí ar fáil do chéimithe i réimse faoi leith ábhar

Cúrsaí agus cuir i láthair

- Cuir i láthair do mhúinteoirí bunscoile maidir leis an gCur Chuige Cothromaithe i leith na Litearthachta
- Cuir i láthair maidir le háiseanna teagaisc in ionaid éagsúla

- Cúrsa Oiliúna do mhúinteoirí in earnáil an Ghaeloideachais, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh.
- **Liosta Iomlán Áiseanna Teagaisc**
Rinneadh nuashonrú ar na heolairí do bhunscoileanna agus d'iar-bhunscoileanna agus cuireadh ar fáil ar www.cogg.ie
- **Liostaí téacsleabhar**
Seoladh bróisiúr chuig gach bunscoil agus gach iar-bhunscoil Gaeltachta agus lán-Ghaeilge le heolas faoi na téacsleabhair do liostaí leabhar na scoileanna
- **Intouch**
Cuireadh alt ar fáil do gach eagrán den iris ag cur síos ar úsáid áiseanna teagaisc Gaeilge.
- **Triailpháipéir na scrúduithe stáit**
Cuireadh leagan Gaeilge ar fáil de 40 páipéar triailscrúduithe éagsúla don Teastas Sóisearach agus don Ardeistiméireacht chomh maith le páipéir don tsonraíocht nua Ghaeilge do scoileanna T1
- **Aistriúchán agus eagarthóireacht**
Cuirtear seirbhís aistriúcháin agus eagarthóireachta ar fáil do dhaoine aonair, do ranna stáit agus do chomhlachtaí príobháideacha d'ábhar oideachasúil i nGaeilge.
- **Seastán eolais** ag comhdháil bhliantúil Cumann Phríomhoidí na mBunscoileanna
- **Glór na nGael**
Cuireadh duais ar fáil don iar-bhunscoil Bhéarla is fearr ó thaobh cur chun cinn na Gaeilge.

Feidhm reachtúil 4

Chun taighde a sheoladh ar aon ní nó ar gach ní lena mbaineann lena cúraim

Foilseacháin

An Dr. Sinéad Andrews - Tacaíochtaí riachtanacha do dhaltaí le riachtanais bhreise oideachais i scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge

An Dr Laoise Ní Thuairisg agus an tOllamh Pádraig Ó Duibhir - Teach in Inmhe – Tuarascáil taighde do Tuismitheoirí na Gaeltachta agus Teach Aniar arna mhaoiniú ag an gComhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta

An Dr. Nancy Stenson agus an Dr. Tina Hickey - Tuiscint ar Litriú na Gaeilge – Lámhleabhar do Mhúinteoirí agus d'Fhoghlaimeoirí

Taighde reatha

- **Deirdre Ní Mhurchú** - Measúnú diagnóiseach dátheangach ar pháistí i luathbhlianta an oideachais trí Ghaeilge chun deacrachtaí luathlitearthachta a aimsiú
- **Nóra Ní Bheaglaíoch** - Conas a fhorbraítear bonn eolais an mhúinteora maidir le straitéisí mhúineadh theanga na matamaitice trí Ghaeilge i ranganna na naíonán i mbunscoil T2?
- **Pádraig Fahey** - Comhtháthú ábhar agus teanga sa bhunscoil a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla: I dtreo eispéiris forbartha gairmiúla chun clár éifeachtach teanga a nochtadh

- **Sarah Ní Dhuinnín** - Iniúchadh criticiúil a dhéanamh ar fheasacht teanga múinteoirí eacnamaíocht bhaile sa scoil Ghaeltachta iar-bhunleibhéil
- **Jacqueline de Brún** - Léitheoireacht na Gaeilge i nGaelscoileanna i dTuaisceart Éireann ag díriú ar pháistí 10 mbliana go 11 bhliain d'aois
- **Emily-Anne Renison** - Riachtanais ábhar oidí i leith na Gaeilge
- **Isobel Ní Riain** - Fiosrú ar na deacrachtaí a bhaineann le labhairt i nGaeilge i measc mac léinn ollscoile agus treoracha a thabhairt ar conas na deacrachtaí seo a shárú.
- **An Dr T.J. Ó Ceallaigh agus an Dr Muiris Ó Laoire** - Comhtháthú ábhar agus teanga san iarbhunscoil lán-Ghaeilge/ Ghaeltachta: I dtreo eispéiris forbartha gairmiúla chun dea- chleachtais a nochtadh.
- **An Dr Pádraig Ó Duibhir, an Dr Laoise Ní Thuairisg, agus an Dr Judith Wylie** - Buntáistí agus dúshláin teanga atá ag iar-scoláirí na n-iarbhunscoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge ar aistriú go hinsitiúid tríú leibhéal.
- **An Dr Niall Mac Uidhilin** - Saibhriú na Gaeilge agus spreagadh a húsáide i measc dhaltaí ardranganna na mbunscoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge.
- **Gavin Murphy** - Exploring how the leadership of Irish-medium schools perceives their role as leaders.
- **An Dr Pádraig Ó Duibhir agus an Dr Joe Travers** - Tacaíocht foghlama do pháistí le deacrachtaí/ míchumais fhoghlama i suímh tumoideachais in Éirinn.
- **Aoife Ní Ghloinn** - Corpas Foghlaimeora Theastas Eorpach na Gaeilge & Tionscadal Próifílithe na Gaeilge
- **Caitlín Neachtain** - Tionchar acmhainn dhiagnóiseach teanga ar chumas Gaeilge in Oiliúint Tosaigh Múinteoirí
- **An Dr Pádraig Ó Duibhir agus an Dr Gerry Shiel** - Taighde Fadtréimhseach ar Ghnóthachtáil agus ar Dhearcadh na nDaltaí i scoileanna lán-Ghaeilge le Stádas DEIS.

An Roinn Oideachais agus Scileanna
Department of Education and Skills



Rialtas na hÉireann
Government of Ireland